RTÉ

RÁITEAS BLIANTÚIL AR THIOMANTAIS FEIDHME 2011

carachtar

pleanáil

muinín

carachtar

pleanáil

muinín

An tAcht Craolacháin 2009
Thug an tAcht Craolacháin 2009 (an tAcht) isteach trí cheanglas nua ó thaobh tuairisciú i gcás RTÉ agus seo a leanas iad:

Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2010

Déanfaidh RTÉ, tar éis comhchomhairle poiblí, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, nó de réir mar a cheanglóidh an tAire (Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha), ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú ina leagfar amach na prionsabail a bheidh le comhlíonadh agus na gníomhaíochtaí a bheidh le gabháil de láimh ag RTÉ chun a cuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall.

Cuireadh *Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ* faoi bhráid an Aire ar an 12 Iúil 2010 agus tá sé ar fáil ag RTÉ.ie.

Ráiteas Straitéise RTÉ 2010-2014

Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an tAcht seo a rith agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh RTÉ Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a thíolacadh don Aire. Leagfar amach i ráiteas straitéise straitéis Bhord RTÉ chun a chuspóirí a bhaint amach faoin Acht seo le linn na tréimhse lena mbaineann an ráiteas, ag féachaint d'acmhainní atá ar fáil do RTÉ.

Cuireadh *Ráiteas Straitéise RTÉ 2010-2014* faoi bhráid an Aire ar an 12 Eanáir 2010 agus tá sé ar fáil ag RTÉ.ie.

Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme

Ullmhóidh RTÉ, gach bliain, ráiteas bliantúil i dtaobh gealltanas feidhmíochta (a) de réir a chuspóirí, (b) de réir *an Ráitis Straitéise*, (c) de réir *an Ráitis Seirbhíse Poiblí* agus lena n-áireofar na gníomhaíochtaí a mbeidh sé beartaithe ag an gcorparáid gealltanas a thabhairt ina leith sa bhliain airgeadais sin agus táscairí feidhmíochta gaolmhara.

Tuairisceoidh RTÉ gach bliain ina Thuarascáil Bhliantúil faoi chomhall nó neamhchomhall aon ghealltanais a bheith tugtha ina *Ráiteas Bliantúil i dtaobh Tiomantais Feidhme*.

Cuireadh an *Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Tiomantais Feidhme 2011* faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI) ar an 31 Márta 2011.

Réamhrá

Is í fís RTÉ cur le muinín mhuintir na hÉireann as an tseirbhís mar fhoinse eolais agus inspioráide a léiríonn agus a shaibhríonn a saol. Chun cur leis an muinín sin, ní mór do RTÉ na caighdeáin is airde a shocrú ó thaobh a ghníomhartha agus féachaint lena mbaint amach.

Léiríonn *Ráiteas Straitéise RTÉ 2010 – 2014* mar a chomhlíonfaidh RTÉ a raon dualgas seirbhíse poiblí i rith na tréimhse cúig bliana sin agus mar a leagtar síos cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil na heagraíochta.

Tá *an Ráiteas Bliantúil ar Thiomantais Feidhme* (ASPC) 2011 bunaithe go díreach ar an *Straitéis* agus tógann sé go díreach ar an ASPC 2010. Léiríonn na gealltanais sin, is féidir a mheas go neamhspleách, mar atá sé beartaithe ag RTÉ a chuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn i rith na bliana 2011, le raon de phríomhbhearta, gníomhartha agus spriocanna ar leith.

Taifeadfaidh RTÉ sa Tuarascáil Bhliantúil do 2011 an tslí ar comhlíonadh na gealltanais agus cuirfear an cháipéis sin ar fáil ag RTÉ.ie.

Seo a leanas cuspóiri straitéiseacha ardleibhéil RTÉ:

1. **Feabhas Seirbhíse Poiblí:** Ár gCuspóirí Seirbhíse Poiblí go léir a chomhlíonadh agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde eitice agus cuntasachta a bhaint amach, ar an aer agus den aer
2. **Ábhar Éireannach ar Ardchaighdeán:** A bheith ar an gcruthaitheoir is fearr ó thaobh ábhar dúchasach Éireannach ar ardchaighdeán agus ar an bhfoinse is mó agus is iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha
3. **Teicneolaíocht: Seachadadh ár nÁbhar:** Leas a bhaint as teicneolaíochtaí chun seachadadh agus rochtain ar ár n-ábhar a chinntiú thar raon leathan ardán agus áiseanna chun freastal ar riachtanais an lucht féachana
4. **Airgeadais:** Airgeadais RTÉ a bhainistiú go héifeachtach sa todhchaí tríd an leas is fearr a bhaint as foinsí maoinithe agus costais a rialú
5. **Eagrú, struchtúir agus foireann:** A chinntiú go mbeidh fórsa oibre ar ardchaighdeán ag RTÉ agus é eagraithe ar an mbealach is fearr chun an luach is fearr ar airgead a sheachadadh do phobal na hÉireann
6. **Comhpháirtíochtaí:** Comhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhunú agus a chothabháil agus ról ceannaireachta a ghlacadh sna geilleagair dhigiteacha agus chruthaitheacha in Éirinn.

Cuspóir 1

Feabhas Seirbhíse Poiblí:

Ár gCuspóirí Seirbhíse Poiblí go léir a chomhlíonadh agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde eitice agus cuntasachta a bhaint amach, ar an aer agus den aer

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Raon leathan clár agus seirbhísí a sheachadadh de réir an Achta Craolacháin 2009 (s114)	
Raon seirbhísí meán náisiúnta a oibriú ar mhaithe le leas an phobail	Dhá sheirbhís teilifíse, 4 sheirbhís raidió FM agus seirbhís ar líne ar fáil
Raon clár a chraoladh, lena n-áirítear cláir a bheidh siamsúil, eolasach, oideachasúil agus cuimsitheach	240 uair an chloig Siamsaíochta agus 342 uair an chloig Fíorasach ar an Teilifís
	Coimisiúnú ar shraith nua eolaíochta teilifíse
	272 uair an chloig Siamsaíochta, 70 uair an chloig Fíorasach agus 20 uair an chloig Oideachais ar an Raidió
Raon de thaibhithe ceoil a sheachadadh chun siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil	180 Cur i Láthair Poiblí ag Grúpaí Oirfide
	77 cur i láthair oideachais, cainte agus ceardlann ag Grúpai Oirfide
	Clúdach Raidió RTÉ ar 10 bhféile ceoil mhóra agus nideogacha
	Raon clár a chraoladh ar fud an sceidil le comóradh a dhéanamh ar Sheachtain Mhór Cheoil RTÉ 2011
Cláir agus seirbhísí a sheachadadh a bheidh ábhartha do riachtanais shóisialta agus chultúir na ndaoine óga a chónaíonn in Éirinn	650 uair an chloig Cláir do Dhaoine Óga ar an Teilifís
	Os cionn 200 uair an chloig d'ábhar bunaidh ar RTÉ Junior
	Sraith do dhaltaí Ardteistiméireachta: *Countdown to 0806* ar RTÉ 2fm
Muid féin a chur i lár shaol agus shochaí na hÉireann agus a bheith ina bhfóram do dhíospóireacht	
Seirbhís chuimsitheach nuachta agus cúrsaí reatha a sheachadadh	1,110 uair an chloig Nuachta agus Cúrsaí Reatha ar an Teilifís agus 1,660 uair an chloig Nuachta ar an Raidió

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Clúdach cuí ar phríomhimeachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a chinntiú go háirithe an tOlltoghchán	Cláir teilifíse tiomanta do chomhairimh an Olltoghcháin agus do Thoghchán an Uachtaráin (chomh maith le clúdach ar Insealbhú an Uachtaráin)
	Cláir teilifíse speisialta ar an Olltoghchán: Díospóireacht Cheannairí na bPáirtithe agus *Campaign Daily*
	Raon clár raidió a thabhairt timpeall na tíre chun an tOlltoghchán a chlúdach
	Clúdach tras-ardáin ar 4 imeacht idirnáisiúnta ar an meán ina bhfuil foirne nó daoine aonair as Éirinn rannpháirteach iontu
Spás a chinntiú inar féidir le plé, machnamh agus díospóireacht náisiúnta tarlú, agus a chlúdaíonn gnóthaí poiblí, luachanna daonlathacha, cultúr, agus creideamh agus cleachtais reiligiúin	Clár faisnéise breathnóireachta faoi chúramóirí agus othair: *The National Rehabilitation Hospital*
	Sraith teilifíse dhá chlár agus seacht gclár faisnéise aonair a dhéanann iniúchadh ar Éirinn chomhaimseartha agus ó thaobh na staire de
	Sciar lucht féachana 27% le coinneáil ag *Prime Time*
	Clár spóirt nua (33 uair) ar RTÉ Raidió na Gaeltachta
	An sciar de lucht éisteachta 24% a bhí ag RTÉ Raidió 1 le linn na seachtaine ó 7am-7pm i 2010 a choinneáil
Tiomantas do chláir Ghaeilge a chothabháil	Ceithre shraith teilifíse a bheidh á dtabhairt ar ais lena n-áirítear *Scannal* agus *An Cór*, agus dhá shraith nua
	780 uair aschur Nuachta agus Cúrsaí Reatha ar Raidió na Gaeltachta
Tiomantas do chláir chultúir na hÉireann a chothabháil	20 dráma nua a chraoladh ar Raidió RTÉ
	The View chun leanúint ar aghaidh agus sé chlár faisnéise teilifíse uair an chloig nua *Arts Lives* ar dhaoine mór le rá as Éirinn
Tabhairt faoi thionscnaimh oideachais agus fhor-rochtana	Oideachas agus For-rochtain RTÉ lyric fm chun cuairt a thabhairt ar 45 scoil agus institiúid tríú leibhéal
	Sraith nua litearthachta ar Theilifís RTÉ: *A Story with Me in it*
	Sé cheardlann comhdhéanta de cheardlanna cór do mhúinteoirí / stiúrthóirí ceoil agus ceardlanna sondála do dhaoine fásta
A bheith lánpháirteach san aistriú chuig craoladh digiteach	Feachtas eolais 18 mí ar Saorview a sheoladh i Q2 chun an pobal a chur ar an eolas faoi DTT, na buntáistí a bhaineann leis agus conas rochtain a fháil ar an tseirbhís
	Clúdach seirbhísí raidió digitigh uathúla le clúdach T-DAB a choinneáil ag 52% den daonra

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Uilechumsitheacht agus éagsúlacht a chur chun cinn	
An saol ó lá go lá, údair imní agus éagsúlacht cultúr agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a léiriú	Dhá shraith teilifíse nua a scrúdaíonn gnéithe de sheirbhís sláinte na hÉireann agus sraith a bheidh á tabhairt ar ais ar theaghlaigh
	Ar a laghad 4 sraith teilifíse chartlainne
	Sraith ar ghnóthaí tuaithe *(Countrywide)* agus ar chúrsaí mara *(Seascapes)* chun leanúint ar aghaidh
	Sraith raidió ar chláir Angla-Éireannach mar chomhartha ar an gcuairt ríoga
Clúdach ar ghníomhartha creidimh, pobail agus cultúrtha a sholáthar, lena n-áirítear cúltúir agus suimeanna cultúrtha	*Would You Believe* agus *Spirit Level* le tabhairt ar ais agus mar chuid de *Festivals* beidh sé ghearrscannán ar chreidimh mhionlaigh in Éirinn
	Sraith Teilifíse nua a scrúdaíonn bunús Lucht Siúil na hÉireann
	Clúdach ar 31 cluiche beo i gCraobhchomórtais CLG
	Aifrinn, Seirbhísí seachtainiúla agus cláir dheabhóideacha eile seachtainiúla ar RTÉ Radio 1 agus Raidió na Gaeltachta
	Sraith raidió chun léargas a thabhairt ar shaol daoine atá athraithe mar gheall ar dhúshláin fhisiceacha nó mhothúchánacha: *A Life Less Ordinary*
Lucht féachana atá ann cheana a choinneáil agus lucht féachana nua a mhealladh trí na seirbhísí ábhartha a sholáthar	
Oibleagáid seirbhíse uilíoch a chomhlíonadh do theilifís agus raidió analógach	98% clúdach tarchuir do Theilifís agus Raidió analógach
Rochtain ar sheirbhísí teilifíse RTÉ a mhéadú / a chothabháil	Rochtain os cionn 90% in iomlán ar an meán i measc daoine aonair ar Theilifís RTÉ (15+ nóim)
Rochtain ar sheirbhísí raidió RTÉ a mhéadú / a chothabháil	Meánrochtain laethúil 36% in iomlán ar Raidió RTÉ
Rochtain ar sheirbhísí ar líne RTÉ a mhéadú / a chothabháil	Meánlíon míosúil 4 milliún brabhsálaí uathúil do RTÉ.ie
Rochtain ar gach seirbhís RTÉ a mhéadú / a chothabháil	Rochtain mhíosúil os cionn 90% ar sheirbhísí RTÉ go léir i measc daoine fásta 15+

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Rochtain i measc phríomhchohórt lucht féachana a chothabháil agus a mhéadú nuair is féidir	Rochtain 28% ar RTÉ Radio 1 i measc daoine idir 35 agus 54
	Rochtain 19% ar RTÉ 2fm i measc daoine idir 25 agus 44
	Rochtain mhíosúil os cionn 85% ar an meán i measc daoine idir 4-14 ar Theilifís RTÉ (15+ nóim)
	Rochtain mhíosúil os cionn 85% ar an meán i measc daoine idir 15-34 ar Theilifís RTÉ (15+ nóim)
	Rochtain os cionn 95% ar an meán i measc daoine fásta atá 35 nó os a chionn ar Theilifís RTÉ (15+ nóim)
Rochtain ar an Teilifís a éascú i measc daoine faoi mhíchumas céadfach	Fotheidil ar 8,500 uair an chloig clár teilifíse (ardú 9% ar spriocuaire 2010)
Seirbhís a sholáthar do dhiaspóra na hÉireann	Straitéis a cheapadh agus a chomhaontú i Q3 chun rochtain idirnáisiúnta ar sheirbhísí ar líne RTÉ a leathnú, agus iad a chur i bhfeidhm
	Seirbhísí raidió idirnáisiúnta a chothabháil ar 7 ardán
	Meánlíon míosúil brabhsálaithe uathúla thar lear ar RTÉ.ie a mhéadú go dtí 1.5 milliún
Léargais ábharthachta an lucht féachana a mhéadú	Ceangal an lucht féachana do theilifís os cionn 80
	Ceangal an lucht éisteachta do raidió os cionn 80
A bheith cuntasach, macánta agus freagrach inár ngníomhartha ar fad	
Sárchleachtas rialachais agus córais tuairiscithe a chothabháil	Ardchaighdeán na Tuarascála Bliantúla agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa a bhfuil gradaim buaite acu a chothabháil agus iad a chur faoi bhráid an DCENR i Q1
	Tuairisc sa Tuarascáil Bhliantúil ar tháillí agus speansais chomhiomlána a íoctar le comhaltaí an Bhoird
Na ceanglais reachtaíochta agus rialúcháin go léir a chomhlíonadh	Clár ar aighneachtaí Rialála (Poiblí agus Inmheánach) a chothabháil
	Dhá scéim athbhreithnithe nua a athbhreithniú agus gníomhartha ábhartha a chríochnú: An Scéim Ghaeilge (faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla) & Scéim Chartlainne
	Comhlíonadh Cód Cleachtais Regtel a chinntiú, gan aon ghearán ag seasamh

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Comhlíonadh na gcód ábhartha go léir a chinntiú	Cód Cleachtais maidir le Rialachais Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh. Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh agus torthaí a thuairsciú i Q2
	I Q4, Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí cothrom le data a fhoilsiú i ndiaidh athbhreithnithe agus nuashonraithe ábhartha
	Cóid nua BAI a athbhreithniú (Gearáin agus Ceart Freagartha) agus tabhairt faoi ghníomhartha ábhartha Nóta: Creat ama ag brath ar dhátaí foilseacháin BAI
	A chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le Cód Fógraíochta agus Cód Fógraíochtaí Leanaí, gan gearán ar bith
Beartais sárchleachtais a úsáidtear do theicneolaíochtaí agus d'uirlísí meán sóisialta a chinntiú	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht pholasaí na meán sóisialta
Trédhearcacht agus cumarsáid fhorghníomhach a chinntiú	Straitéis chumarsáide agus ghnóthaí poiblí forbartha ar ghlac Feidhmeannas RTÉ léi i Q2
	Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ a fhoilsiú i Q1 agus Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta 2011 a fhoilsiú i ndiaidh comhchomhairle le BAI agus DCENR
Córas Forbartha Feidhmíochta PDS a ailíniú le córais tomhais feidhmíochta nuair is féidir sin	Córas PDS a ailíniú le Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta 2011
Íos-Chaighdeáin a shárú	
Ceannaireacht maidir le seirbhísí rochtana a léiriú trí íoschaighdeáin a shárú agus seirbhísí nua / nuálacha a sholáthar nuair is féidir	Fotheidil, ar an dá chainéal, ar phríomhréamhaisnéisí aimsire, ar gach príomhchlár teilifíse nuachta agus cúrsaí reatha (lena n-áirítear buiséid, toghcháin, imeachtaí stáit agus idirnáisiúnta) chomh maith le roinnt seónna siamsaíochta beo
Tuarascáil faoi Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) a fhoilsiú gach bliain	Tuairisc CSR a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú ar RTÉ.ie i Q2
Rochtain phoiblí a chothabháil via seirbhísí eolais teileafóin agus ríomhphoist lárnacha	Seirbhís eolais teileafóin ar fáil 6 lá in aghaidh na seachtaine
Na caighdeáin chuntasaíochta agus gnó is airde a chinntiú trí chloí go deonach le cóid idirnáisiúnta agus IFRS	Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ag cloí le IFRS
	Teacht le Cód Cumaisc ar Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe (An Cód Cumaisc ar Rialachas Corparáideach roimhe seo) a mhéid agus is féidir ag féachaint do cheanglais faoin Acht Craolacháin 2009

Cuspóir 2

Ábhar Éireannach ar Ardchaighdeán:

A bheith ar an gcruthaitheoir is fearr ó thaobh ábhar dúchasach Éireannach ar ardchaighdeán agus ar an bhfoinse is mó agus is iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
A bheith ar an bpríomhfhoinse Nuachta agus Cúrsaí Reatha neamhspleách in Éirinn	
Lucht féachana suntasach a chothabháil do chláir nuachta agus chúrsaí reatha cheannródaíocha	Rochtain charnach 35% do *RTÉ News: Six One* agus *Nine o'clock* (meán in aghaidh na seachtaine 5+nóim)
	Rochtain 12% do *Morning Ireland*
Nuacht agus cúrsaí reatha neamhchlaonta agus oibiachtúla a sheachadadh	Dearcadh an lucht féachana ar "chothroime agus neamhchlaontacht" *RTÉ News: Nine o'clock* ag os cionn 95%
	Dearcadh an lucht féachana ar "chothroime agus neamhchlaontacht" *Morning Ireland* ag os cionn 95%
Léirthuiscint an lucht féachana agus cur le hábharthacht chláir nuachta agus chúrsaí reatha RTÉ	AI os cionn 80 do Nuacht Theilifís RTÉ
	AI os cionn 80 do Nuacht Raidió RTÉ
Clúdach seachtrach a chothabháil agus a fheabhsú nuair is féidir chun dearcadh na hÉireann ar imeachtaí idirnáisiúnta a sheachadadh	Clúdach ar ardchaighdeán ar phríomhimeachtaí idirnáisiúnta laistigh d'acmhainní
	Clár comhairimh Teilifíse tiomanta do Thoghchán Chomhthionól Thuaisceart Éireann
A bheith ar an bpríomhfhoinse ábhair as Éirinn / sa bhaile, ar bhonn náisiúnta agus ó na réigiúin	
Céatadán ard de léiriúcháin bhaile a chinntiú i rith buaicamanna ar RTÉ One	65% d'uaireanta buaicama ar RTÉ One le bheith comhdhéanta d'uaireanta dúchasacha
Clúdach réigiúnach a chinntiú	Ocht shraith réigiúnach nua a chlúdaíonn raon ábhar le craoladh ar an Teilifís
	Ar an laghad seó raidió amháin laethúil ag buaicama (7am-7pm) ó gach réigiún
	Cláir raidió *Blas* agus *Glór Anoir* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta
Grúpaí oirfide a bheith ar an bpríomhsholáthróir dea-cheoil agus éagsúlacht ceoil ina réimsí	Leibhéil lucht éisteachta a éisteann le grupaí oirfide a chothabháil ag 165,000 in 2010
Na cláir agus na seirbhísí is fearr caighdeáin a sheachadadh	
A bheith chun tosaigh ó thaobh clár teilifíse agus raidió na hÉireann ar fud gach príomhsheánra	AI os cionn 80 do Theilifís RTÉ
	AI os cionn 80 do Raidió RTÉ

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Leanúint le feidhmíocht láidir RTÉ ar liostaí bliantúla na 20 clár is fearr	17 as 20 clár ar liosta an 20 is fearr do Theilifís RTÉ
	18 as 20 clár ar liosta an 20 is fearr do Raidió RTÉ
A bheith rannpháirteach i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta	10 clár RTÉ ar a laghad ar ghearrliostaí i gcomórtais idirnáisiúnta
Freastal ar riachtanais lucht féachana na hÉireann agus ceangal le RTÉ a fhorbairt	
Sonraí taighde lucht féachana den chéad scoth a sholáthar do dhéantóirí clár	Na feabhsúcháin ar an uirlis Phainéal Freagartha Lucht Éisteachta (ARP) a úsáid chun taighde a sholáthar ar nósanna agus iompar leanaí ó thaobh na meán
Taighde a leabú i bpróisis chinnteoireachta tríd an leas is fearr a bhaint as buntáistí a bhaineann le feabhsúcháin ar uirlís focal-ar-fhocal ARP	Ionchorprú anailísí focal-ar-fhocal nua agus feabhsaithe ar thuarascálacha taighde leanúnacha
Ceangal le RTÉ a chruthú	Tionchar teicneolaíochtaí nua agus éagsúlachta ar nósanna ídithe na meán a scrúdú, go háirithe i measc daoine idir 15-34 bliain d'aois
Na caighdeáin eagarthóireachta is airde a chur i bhfeidhm	
Athbhreithniú ar threoirlínte eagarthóireachta a dhéanamh i gcomhthéacs reachtaíochta agus chód cleachtais	Treoirlínte Déantóirí Clár athbhreithnithe a fhoilsiú faoi Q3
	Comhlíonadh iomlán Cód Chraolacháin BAI maidir le Toghcháin (Olltoghcháin agus Uachtaránachta) agus clúdach ar Reifrinn a chinntiú
Gníomhartha ceartaitheacha rialúcháin / dlí a laghdú	Ceardlanna inmheánacha a sheachadadh agus Nótaí Comhairle Ginearálta a sholáthar ar an bhfoireann
Gearáin ó BAI a laghdú	Gan gearán ar bith i gcoinne Raidió agus Teilifís RTÉ ag seasamh
Déileáil le gearáin ó BAI go pras	Déileáil le gach gearán BAI laistigh de chreataí ama éigeantach
Cláir agus seirbhísí nuálacha a sheachadadh	
An leas is fearr a bhaint as úsáid na teicneolaíochta chun nuálacht ó thaobh clár a éascú	Treoirlínte eagarthóireachta do RTÉ.ie a fhorbairt agus a fhoilsiú faoi Q4. Treoirlínte le hailiniú le treoirlínte eagarthóireachta inmheánacha eile agus le reachtaíocht agus cóid ábhartha
	Clár ríomh-thraenála a chur i bhfeidhm ar fud IDB Raidió chun léiriúcháin ábhar digiteach ceann le ceann a éascú
Formáid, tionscnaimh agus cláir nua a thabhairt chuig na meáin go léir	Trí fhormáid nua ar fud sceideal RTÉ 2fm agus RTÉ Radio 1
Tionscnaimh tras-ardán agus tras-mheán a sheachadadh	2 imeacht tras-ardán agus 1 imeacht tras-mheán a sheachadadh
Teagmhálacha nua a chruthú do cheoltóirí agus don lucht féachana	Scéim phíolótach a fhorbairt chun stiúrthóirí óga / nua a aimsiú: cleachtaí oscailte a tionól

Cuspóir 3

Teicneolaíocht: Seachadadh ár nÁbhar:

Leas a bhaint as teicneolaíochtaí chun seachadadh agus rochtain ar ár n-ábhar a chinntiú thar raon leathan ardán agus áiseanna chun freastal ar riachtanais an lucht féachana

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Rochtain ar ábhar trí na meáin dhigiteacha a éascú agus cur le pointí nasctha le RTÉ	
Cur le rochtain ar ábhar RTÉ a mhéadú	Úsáid mhíosúil an RTÉ player a mhéadú go dtí 2.2 milliún sruth
	Rochtain níos mó ar RTÉ News Now trí thaispeántas-as-baile a leathnú agus RNN ar an iPad a sheoladh
	Meánlíon íoslódála míosúil de 900,000 podchraoladh ar a laghad
Rochtain ar ábhar cartlainne via seirbhísí ar líne a chothabháil	Tuarascáil ar láithreán gréasáin cartlainne
Cur le Seirbhísí Raidió Digiteach, ar raidió digiteach agus ar líne	Líon na líonta tí a bhfuil raidió digiteach acu ag 7%
Feidhmiúcháin shoghluaiste a sheachadadh do tháirgí ábhartha	Pocket Player an raidió a sheoladh ar Android i Q2
Bealaí nua a fhorbairt chun nascadh le lucht féachana ar fud na tíre go léir agus idirghníomhú le RTÉ a éascú	Méid agus raon na hiriseoireachta atá sainiúil don ghréasán a mhéadú
	Cláir ensemble níos lú a fhorbairt, laistigh d'acmhainní atá ann cheana, chun lucht féachana nua a tharraingt
	Gné Ceart Freagartha le forbairt i Q1
Clár athraithe teicneolaíochta a chur i bhfeidhm	
Múnlaí léiriúcháin ilmheán nua a fhorbairt	Uirlísí léiriúcháin bunaithe ar bhogearra a úsáid faoi Q2 chun ábhar a fháil agus a léiriú do RTÉ TEN
	Úsáid an chórais eagarthóireachta Avid a leathnú chuig léiritheoirí seachtracha chun costais a laghdú agus go mbeadh eagarthóireacht déanta ar shraith amháin ar an laghad

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
	Uirlísí léiriúcháin bunaithe ar bhogearra a úsáid faoi Q2 chun seirbhís tarchuir / seachadta RTÉ News Now a dhéanamh uathoibríoch
Teicneolaíocht a úsáid go héifeachtach do dhéantús clár cuí agus do tharchur seirbhísí	Teicneolaíocht a ghabháil chun clúdach ar chomhaireamh toghcháin feabhsaithe a sheachadadh ar teilifís agus ar líne: lena n-áirítear blagáil na meán sóisialta agus soláthar físeáin bheo agus beagnach beo a leathnú via leathanbhanda
Clár digitithe ceann le ceann a chur i bhfeidhm	
Líonra léiriúcháin ábhar digiteach ceann le ceann a thógáil sna ceithre bliana amach romhainn	Céim 1 de thionscadal FAST (Teicneolaíocht Freastalaí Gnóthú Comhad) a chur i bhfeidhm
Gluaiseacht i dtreo HDTV	Craoltaí HDTV via DTT i Q2 Nóta: Ag brath ar inrochtaineacht na gcainéal
Dáileadh ábhair a chinntiú / seachadadh thar gach ardán	
Líonra léiriúcháin ábhar digiteach ceann le ceann a úsáid chun gach ardán agus áis a phobalú	Sreabhadh oibre léiriúcháin nua a bhunú faoi Q4 chun seirbhísí raidió a fheabhsú le buiséad íslithe
Seachadadh ar ardán trastíre digiteach, cábla, satailít chomh maith le idirlíon (soghluaiste) agus ar fud líonraí IP a chinntiú	Seoladh tomhaltóra iomlán ar Saorview (DTT) i Q2
Clúdach spriocdhaonra a bhaint amach do DTT	Sprioc-chlúdach daonra DTT de 97% maidir le PSB Mux
Tionscadal 2025 a chur chun cinn	
Spriocanna Chéim 1 a bhaint amach faoi 2014	Criosú cuí a bhaint amach don talamh go léir in RTÉ Domhnach Broc Nóta: neamhspleách ar RTÉ

Cuspóir 4

Airgeadais:

Airgeadais RTÉ a bhainistiú go héifeachtach sa todhchaí tríd an leas is fearr a bhaint as foinsí maoinithe agus costais a rialú

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Airgeadas a bhainistiú go stuama	
Sprioc buiséid a bhaint amach do 2011	Buiséad comhaontaithe táirgeachta don bhliain
Sócmhainneacht: Sprioc-infhaighteacht airgid thirim / saoráidí chun freastal ar thiomantais de réir a bheidh siad dlite	Cúlchistí airgid ar fáil
Tionscnaimh chun costais a rialú agus srian a chur leo	Spriocanna laghdaithe costas a bhaint amach laistigh de Bhuiséad 2011
Córais ERP (Pleanáil Acmhainní Fiontair) a athbhreithniú agus córas lánpháirtithe nua a chur i bhfeidhm faoi 2014	Athbhreithniú ar an bhféidearthacht a bhaineann le córais ghnó ábhartha a chomhdhlúthú
An úsáid is fearr a bhaint as foinsí maoinithe	
An leas is fearr a bhaint as saothrú na sruthanna ioncaim, traidisiúnta agus nua araon	Spriocanna ioncaim a bhaint amach maidir le Teilifís, Raidió, Líonra agus Foilsitheoireacht
Foinsí maoinithe a éagsúlú agus a mhéadú	Ioncaim a bhaint amach ó fhoinsí agus tionscnaimh nua lena n-áirítear díolacháin tras-meán
Cur an oiread agus is féidir leis an sciar den mhargadh	
Féachaint le sciar lucht féachana ar teilifís a chothabháil in ainneoin comórtas suntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta	Sciar bhuaicama daoine aonair RTÉ Náisiúnta iomlán de 40% (leibhéal lucht féachana in 2010)
An leas is fearr a bhaint as sciar lucht féachana do phríomhsheirbhísí raidió	Sciar tráchtála Raidió RTÉ de 35% (leibhéal 2010)
Seirbhís luach ar airgead a sheachadadh	
An luach is fearr ar airgead a chinntiú i ngach réimse gnó	Costais a laghdú trí athchaibidlíocht soláthróra, conarthaí ilbhliantúla agus comhléiriúchán
Leanúint den úsáid is fearr a bhaint as ioncam ón Táille Ceadúnais	Leathdháileadh an Táille Ceadúnais de réir seirbhíse

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Costais Daoine a Rialú	
Costais Oibríochta a Bhaineann le Pearsanra (PROCanna) a shocrú ag figiúr nach mó ná 50% de na Costais Iomlána	Sprioc PROC a bhaint amach do Bhuiséad 2011
Bainistíocht ar líon na ndaoine agus conarthaí nua	Monatóireacht lárnach agus bainistíocht a dhéanamh ar shaincheist na gconarthaí nua. Córas sreafa oibre uathoibríoch a chur i bhfeidhm atá riachtanach le rialú próiseála níos fearr a dhéanamh ar Sheirbhísí Roinnte Acmhainní Daonna
Bainistíocht acmhainní éifeachtach	
Monatóireacht a dhéanamh ar chostas in aghaidh na huaire craoltaPublish CPTH in	CPTH a fhoilsiú sa Tuarascáil Bhliantúil
Saoráidí (ionad Teilifíse) a úsáid go héifeachtach	Úsáid de 75% sa stiúideo teilifíse
Saoráidí (ionad Raidió) a úsáid go héifeachtach	Úsáid de 76% sa stiúideo raidió
Nósanna imeachta bainistithe acmhainní a fheabhsú agus úsáid a bhaint as pearsanra cláir	Réiteach bogearra sceidealta acmhainní nua a chur i bhfeidhm chun barrfheabhsú foirne, gníomhaireachta agus tallainne a bhaint amach

Cuspóir 5

Eagrú, struchtúir agus foireann:
A chinntiú go mbeidh fórsa oibre ar ardchaighdeán ag RTÉ agus é eagraithe ar an mbealach is fearr chun an luach is fearr ar airgead a sheachadadh do phobal na hÉireann

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Daoine agus scileanna a fhorbairt	
Oiliúint inmheánach costas-neodrach a dhéanamh ag teacht le riachtanais ghnó	Clár Píolótach Meantóireachta a athbhreithniú d'fhonn é a leathnú amach ar fud na heagraíochta. Ceardlanna Bainistithe Feidhmíochta a sheachadadh don fhoireann mhaoirseachta
Deiseanna oiliúna foirne ábhartha a sholáthar	Ceardlanna ar Scileanna Agallaimh do bhainisteoirí líne a sheachadadh
	Struchtúir a athbhreithniú chun sainoiriúnacht a chinntiú i dtimpeallacht eacnamaíochta dhúshlánach
Sárchleachtas a chothabháil i gcumarsáid leis an bhfoireann	Feasacháin foirne rialta,chomh maith le cruinnithe le Bainisteoirí Sinsearacha
An leas is fearr a bhaint as struchtúr na heagraíochta	
An líon foirne a athbhreithniú go rialta chun uasúsáid bhreise a bhaint amach nuair is féidir	Scaoilíocaíochtaí deonacha agus saoráidí luathscoir a thabhairt isteach i rith Q2 chun líon na ndaoine a laghdú faoi dheireadh na bliana
Struchtúr eagraíochtúil a athbhreithniú chun cuspóir poiblí a chomhlíonadh sa tslí is fearr	RTÉ a thagarmharcáil i gcoinne craoltóirí san Eoraip
Plean daonchumhachta a sheachadadh i ngach IBD agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus cloí leis	Tuairiscí maidir le líon na ndaoine a leathnú amach faoi Q3 chun anailís níos mó a dhéanamh ar athraitheas buiséid v líon iarbhír na ndaoine (2010 FTE = 1987)
An leas is fearr a bhaint as cleachtais oibre	
Cleachtais oibre a athbhreithniú	Leanúint le hathbhreithniú chleachtas oibre inmhéanach agus na hathruithe a aithint

Cuspóir 6

Comhpháirtíochtaí:

Comhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhunú agus a chothabháil agus ról ceannaireachta a ghlacadh sna geilleagair dhigiteacha agus chruthaitheacha in Éirinn

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Caidrimh chomhoibritheacha a chothabháil agus a fhás	
Tacú le forbairt na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche	Raidió: Próiseas coimisiúnithe IRP le leanúint ar aghaidh le dhá bhabhta coimisiúnithe
	Teilifís: Lá oscailte tras-seánra agus cruinnithe séanra aonair leis an an Earnáil Neamhspleách
A chinntiú go gcomhlíonann coimisiúnú neamhspleách Raidió agus Teilifíse ceanglais chaiteachais reachtúla	Oibleagáidí caiteachas reachtúil a chomhlíonadh faoin Acht Craolacháin 2009 alt 116
Tionscnaimh oiliúna a fhorbairt le léiritheoirí neamhspleácha, an BAI agus eagraíochtaí eile	Deiseanna a lorg chun dul i bpáirt leis an BAI ar fhorbairt na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche
Caidrimh tháirgiúla a chothú le húdaráis áitiúla agus eile ionas go mbeidh idirchaidreamh fiúntach ag leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta	Deiseanna comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe a iniúchadh: Ceangal a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon, Cultúr Éireann, CMC, Gréasán Ceoil agus comhlachtaí ábhartha eile
Deiseanna a iniúchadh chun imeachtaí thionscail na meán a thionól	RTÉ chun an ceathrú comhdháil ar mheáin leictreonacha a thionól
Ballraíocht láidir leis an EBU a chothabháil agus cur le tionscadail Eorpacha agus idirnáisiúnta eile mar is cuí	RTÉ lyric fm chun 30 ceolchoirm le hábhar as Éirinn a thairg don EBU
	Comhpháirtíochtaí agus comhléiriúcháin féideartha leis an BBC agus le craoltóirí eile a iniúchadh
Leanúint ag cothú dlúthchaidrimh le comhlachtaí rialála	Cruinnithe agus cumarsáid rialta le comhlachtaí rialála mar an BAI, ComReg agus an Rialtas
Leanúint ag cothú dlúthchaidrimh le comhlachtaí trádála	Láithreacht rialta ag cruinnithe tionscail mar IBEC, SPI agus comhchoistí taighde

Gealltanais Feidhmíochta	Príomhbhearta / Príomhghníomhaíochtaí
Cruthaitheacht, smaointe nua agus léiriú cultúir a chothú	
Tacú le himeachtaí cultúir, lena n-áirítear spéiseanna mionlach	Láithreacht RTÉ ag Taispeántas na nEolaithe Óga, Craobhchomórtas Náisiúnta Treafa, Féile Drámaíochta Amaitéarach Uile Éireann agus Rás na Long Ard
	Clúdach Raidió ar cheithre fhéile ealaíon
	Tacaíocht a thabhairt do Thaibhiú na hÉireann ag Féile Eurosonic 2011
Tallann nua (láithreoirí, ceoltóirí, ealaíontóirí, déantóirí clár agus cruthaitheoirí ábhair) a fhorbairt	Raidió: Guthanna nua ban ar aer
	Teilifís: Tallann nua ar an Teilifís
Ceannaireacht a léiriú laistigh de na tionscail chruthaitheacha	Rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadail beochana trí dhá ghearrscannán: Infheistíocht i Frameworks
	Cumadóirí agus ceoltóirí Éireannacha a chur chun cinn trí 5 dlúthdhiosca a fhoilsiú
Tús a chur le hobair nua agus í a choimisiúnú	Cumadóir cónaithe nua a cheapadh
	Comórtas Leictrea-Fuaime 2011 a thionóil i Q2
	Dráma teilifíse leagan fada nua agus dhá shraith teilifíse a bheidh á dtabhairt ar ais. Forbairt leanúnach ar *Fair City*
Comhpháirtíochtaí cultúir agus cruthaitheacha nua a iniúchadh	
Deiseanna comhpháirtíochtaí a iniúchadh	Comhthionscadal le Cartlanna UCD chun cáipéisí litearthachta agus cultúir a aistriú as Cartlann Scríofa Chorparáideach RTÉ agus Cartlannaí Tionscadal a cheapadh
	Comhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon agus Comhairle na bhForas Náisiúnta Cultúir chun leas a bhaint as acmhainní RTÉ do phríomhimeachtaí cultúir
Teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile chun beartas maidir le sealúchais Náisiúnta Chlosamhairc a thabhairt chun cinn	Comhchomhairle leanúnach le comhlachtaí cuí lena n-áirítear forais náisiúnta cultúir na hÉireann, le hollscoileanna agus le Cartlann Scannán na hÉireann

RTÉ

www.rte.ie